# Foras na Gaeilge
# Nochtadh Leasanna – Fostaithe

Is cuid thábhachtach de phobal na Gaeilge iad foireann Fhoras na Gaeilge féin agus beidh siad gníomhach in imeachtaí agus le grúpaí áirithe Gaeilge. Aithníonn Foras na Gaeilge na scileanna agus an saineolas a thugann baill foirne chuig na grúpaí seo agus an taithí a thugtar ar ais chuig Foras na Gaeilge dá réir. Déanann an polasaí seo iarracht an méid seo a aithint, agus an chosaint chuí a thabhairt don fhoireann agus d'Fhoras na Gaeilge faoi seach.

**Polasaí ginearálta**
Is é príomhdhualgas gach fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge seirbhís rialta, phoncúil agus shásúil a sholáthar d'Fhoras na Gaeilge. Is sárú ar an bpolasaí seo é aon ghníomhaíocht nó gnó le linn nó lasmuigh d'uaireanta oibre a imríonn nó a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chumas fostaí an dualgas sin a chomhlíonadh nó a thagann salach nó a d'fhéadfadh teacht salach ar leasanna, spriocanna agus polasaithe Fhoras na Gaeilge agus féadfaidh sé go dtionscnófar gníomh smachtaithe in aghaidh an fhostaí sin lena n-áirítear briseadh as post.

**Infheidhmithe ar**
Gach fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

**Sainmhíniú**
Ní ceadmhach do lucht bainistíochta ná d'fhostaithe a bheith páirteach i bhfostaíocht nó leasanna gnó seachtracha atá ag teacht salach nó a d'fhéadfadh teacht salach ar aon ghnó de chuid Fhoras na Gaeilge. Dá bhrí sin, ní mór d'fhostaithe Fhoras na Gaeilge a chur in iúl i scríbhinn don Phríomhfheidhmeannach – a choinníonn taifead rúnda – aon leas nó coimhlint phearsanta nó teaghlaigh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a neamhchlaontacht maidir le cur i gcrích a gcuid dualgas más ann dá leithéid nó a luaithe agus a tharlaíonn a leithéid lena n-áirítear:

- Aon leas, scairshealbhú nó coimhlint leasa fhéideartha a bheadh ag fostaí le comhlacht nó eagras óna gceannaíonn Foras na Gaeilge earraí, oibreacha nó seirbhísí,
- Aon fhostaíocht nó leas gnó seachtrach atá nó a d'fhéadfadh teacht salach ar ghnó Fhoras na Gaeilge,
- Aon leas de chuid gartheaghlach fostaí a dtarlódh coimhlint leasa den chineál dá bharr.
- Aon choimhlint fhéideartha a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar bheith rannpháirteach i measúnú iarratas ar dheontas nó in údarú deontas de chuid Fhoras na Gaeilge ar mhaoiniú.
- Is ceart do bhall foirne éirí as oifig in aon eagraíocht a fhaigheann maoiniú, nó a dtiocfadh leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge nuair a dhéantar post a thairiscint i bhForas na Gaeilge don bhall foirne. Má tá baint mar choisteoir nó mar shealbhóir oifige ag an bhfostaí le heagraíocht agus más maith leo cás a dhéanamh fanacht san eagraíocht atá i gceist, is féidir sin a dhéanamh i scríbhinn leis an mbainisteoir líne a chuirfidh an cás faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus ní bheidh dul thar a b(h)reith siúd.
- I gcás fostaí reatha beidh clár ama faoi éirí as oifig in eagraíocht a fhaigheann maoiniú, nó a dtiocfadh leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge le haontú leis an bPríomhfheidhmeannach. Is féidir le fostaí cás a dhéanamh i scríbhinn leis an mbainisteoir líne a chuirfidh an cás faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus ní bheidh dul thar a b(h)reith siúd.
- Caithfidh an Príomhfheidhmeannach éirí as oifig in aon eagraíocht a fhaigheann maoiniú, nó a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge nuair a thairgtear post

an Phríomhfheidhmeannaigh i bhForas na Gaeilge di/dó, agus ní ceart di/dó glacadh le tairiscint poist nó ról mar oifigeach ina dhiaidh sin in aon eagraíocht dá leithéid.

- Cloífear le gach foráil den RGCS agus aon eolas den chineál seo á stóráil go slán i seilbh Fhoras na Gaeilge. Tá toiliú tugtha ag fostaithe cheana féin maidir le próiseáil agus stóráil an eolais seo nuair a ghlac siad le ceapachán le Foras na Gaeilge.

Láimhseáil coimlintí leasa

i. Má tharlaíonn coimhlint leasa d'fhostaí, ní mór dó/di stad de bheith ag plé leis an iarratas ar dheontas, leis an gconradh nó leis an gcás ina bhfuil coimhlint leasa nó coimhlint leasa fhéideartha, agus ní ceadmhach dó/di féachaint le haon tionchar a imirt ar chinntí a bhaineann leis an gcás.

ii. Má tharlaíonn ceist an raibh nó nach raibh ceist coimhlinte leasa ann d'fhostaithe i gcás áirithe, ní mór an cheist a chur faoi bhráid an té dá bhfuil siad freagrach. Más gá é, is é/í an Príomhfheidhmeannach a dhéanfaidh cinneadh ar an gceist agus ní bheidh aon dul thar a b(h)reith.

iii. I gcás fostaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí gnó seachtracha, go díreach nó go hindíreach, roimh fheidhmiú an pholasaí coimhlinte leasa nó sular fhostaigh Foras na Gaeilge iad, ní mór dóibh é seo a chur in iúl, i scríbhinn, dá stiúrthóir agus cead a iarraidh leanúint de ghníomhaíochtaí den chineál.

iv. Ní mór do bhaill foirne cásanna a sheachaint ina bhféadfadh a leasanna pearsanta féin teacht salach ar leasanna Fhoras na Gaeilge. Ní ceadmhach, go háirithe, do bhaill foirne ar aon chúis baint a bheith acu den chineál gnó/comhairliúcháin le haon duine nó chomhlacht lena bhfuil nó lenar dóiche go mbeadh caidreamh ag Foras na Gaeilge seachas ina gcáil mar bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge.

v. Ní ceadmhach do bhaill foirne Fhoras na Gaeilge acmhainní nó am Fhoras na Gaeilge a úsáid chun a dtairbhe pearsanta féin, nó chun tairbhe daoine nó eagraíochtaí nach bhfuil aon bhaint acu le Foras na Gaeilge nó lena chuid gníomhaíochtaí.

vi. Ní ceadmhach do bhaill foirne deiseanna gnó a chuirtear faoina mbráid le linn a dtréimhse fostaíochta le Foras na Gaeilge a chur ó dhoras Fhoras na Gaeilge, chun a dtairbhe pearsanta féin.

vii. Más é tuairim lucht na bainistíochta go bhfuil nó go bhféadfadh drochthionchar a bheith á imirt ag aon ghníomhaíocht lena bhfuil ball foirne bainteach ar a c(h)umas chun a c(h)uid oibre a dhéanamh go sásúil, nó go bhfuil nó go bhféadfadh coimhlint leasa tarlú dá barr, beidh sé de cheart ag Foras na Gaeilge á áitiú air/uirthi éirí as nó lagú siar ar an ngníomhaíocht sin.

An 24 Feabhra 2020 Dáta an chéad athbhreithnithe eile Feabhra 2023